C/2026/4371

7.8.2026

# Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1877 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1880 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2026/4371)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar aird na ndaoine aonair Charles SEMATAMA (uimh. 20), Corneille NANGAA YOBELUO (uimh. 35), John Imani NZENZE (uimh. 39), Gustave KUBWAYO (uimh. 30) agus ar aird an eintitis Alliance Fleuve Congo (AFC) (uimh. eintitis 1), daoine agus eintiteas atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

An 14 Iúil 2026, chinn Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe na daoine agus an t-eintiteas thuasluaite a chur lena Liosta Smachtbhannaí de dhaoine aonair agus d'eintitis atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an gComhairle Slándála agus arna nglacadh faoi Chaibidil VII de Chairt na Náisiún Aontaithe.

Tá na hinsintí is bun leis na liostaí sin ar fáil ar: https://press.un.org/en/2026/sc16416.doc.htm

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gComhairle na daoine agus an t-eintiteas thuasluaite a áireamh ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, agus na hiontrálacha comhfhreagracha a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus ó Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

Ba cheart aon bharúlacha ba mhian leis na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann a chur isteach faoin **20 Lúnasa 2026** chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
[2] IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.